C/2026/3566

3.7.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12463 — AL-MUKHAZIN / ROSHN / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/3566)

1. An 24 Meitheamh 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Al-Mukhazin Al-Ama For Storage Company ('Al-Mukhazin', an Araib Shádach), faoi rialú Agility Global PLC ('Agility', an Araib Shádach),

— ROSHN Group Company ('ROSHN', an Araib Shádach), faoi rialú Public Investment Fund ('PIF', an Araib Shádach)

Gheobhaidh Al-Mukhazin agus ROSHN rialú comhpháirteach ar an gcuideachta comhfhiontair (an Araib Shádach) de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is fochomhlacht indíreach é Agility atá faoi lánúinéireacht Al-Mukhazin. Is úinéir agus oibreoir ilghnó é Agility, agus is infheisteoir é, ar fud earnálacha agus limistéir gheografacha éagsúla ar fud an domhain. Áirítear ar a ghnólachtaí faoi úinéireacht Menzies Aviation (seirbhísí eitlíochta), Tristar (loingseoireacht agus lóistíocht) agus Agility Logistics Parks (réadmhaoin thionsclaíoch agus lóistíochta).

— Is forbróir réadmhaoine de chineál ilsócmhainní é ROSHN atá gníomhach i dtionscadail réadmhaoine a fhorbairt ar fud na hAraibe Sádaí. Is eintiteas faoi lánúinéireacht PIF é ROSHN, ciste infheistíochta Stáit na hAraibe Sádaí.

3. Is iad gníomhaíochtaí gnó na cuideachta comhfhiontair páirc lóistíochta Ghrád A atá lonnaithe in Jeddah na hAraibe Sádaí a fhorbairt, a oibriú agus a bhainistiú.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12463 — AL-MUKHAZIN / ROSHN / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË